M.63T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉARACHTA, 2001

**Ba chóir an páipéar seo a thabhairt amach d'iarrthóirí ar an 4 Bealtaine, 2001**

# EALAÍN

## CUMADÓIREACHT SHAMHLAÍOCH NÓ ÁBHAR NEAMHBHEO - ARDLEIBHÉAL

Dé hAOINE, 11 BEALTAINE - 9.30 - 12.00

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann chuici ar an bpáipéar líníochta. Scríobh teideal an pháipéar - "Ábhar Neamhbheo" nó "Cumadóireacht Shamhlaíoch" - ar an mbileog líníochta díreach thíos faoi d'Uimhir Scrúdaithe. Is gá an pointe tosaithe a roghnaíonn tú a lua ar chúl an leathanaigh. Ceadaítear duit, más mian leat, obair a dhéanamh ar chúl an leathanaigh. Ceadaítear duit úsáid a bhaint as rianpháipéar, as páipéir dhaite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá de ghnáth leis an gceist a fhreagairt. Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn Ábhar Neamhbheo rudaí cuí is rogha leo féin a bhreith isteach agus a ngrúpaí féin a shocrú in am do thús a scrúdaithe.

---

**GAN ACH CEIST AMHÁIN A FHREAGAIRT**

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht thíos agus

**1.** Tarraing nó péinteáil pictiúr atá in aigne agat tar éis duit an sliocht tuairisciúil a léamh.

**nó**

**2.** Tarraing nó péinteáil grúpa neamhbheo d'ábhair atá luaite sa sliocht tuairisciúil nó ábhair a chuireann an sliocht tuairisciúil id' aigne.

**nó**

**3.** Déan ceapadóireacht theibí bunaithe ar an sliocht tuairisciúil.

**THALL→**

## SLIOCHT TUAIRISCIÚIL

Tá Sandra ag tiomáint abhaile ón mbaile mór. Tá dhá mhála plaisteach siopadóireachta lán le bia ar an suíochán cúil. Tá bosca cairtchláir, ceangailte le téad, beart toirteach clúdaithe le páipéar donn agus nuachtán ina luí taobh le ciseán caolaigh ina bhfuil boiscín bainne agus tor leitíse. Ar crochadh tá seaicéad a bhailigh Sandra ón siopa tirimghlanadh. Beidh áthas uirthi an baile a shroichint agus lón luath a ghlacadh. Agus í ag tiomáint tugann sí faoi deara go bhfuil cuma airgeadach ar an mbóthar sa solas geal i ndiaidh na báistí. Tá dathanna buí agus órga an fhómhair ag teacht ar na crainn. Tá na cnónna capall ag titim ar bhlaincéad de dhuilleoga tirime donna. Tá imeall an bhóthair agus an ciumhais féir breactha le blaoscanna spíceacha. Tá cuid de na cnónna capall scoillte. Tá an cnó donn snasta timpeallaithe i mbán. Tá an fómhar thart agus tá na coinligh ag glioscarnaigh i solas éadrom na gréine. Feictear cornaí tuí anseo is ansiúd 'sna páirceanna cothromacha folamha. Tá préacháin ar folúin ós cionn crainn arda agus coilm coille ag séirseáil sa choinleach.

Tá roinnt bláthanna fós le feiceáil i measc an duilliúr feoite i ngáirdín Shandra. Tá an dath atá ar na ndáilia chomh láidir sin go gceapfá go raibh sé ina shamhradh fós. Tá bláthanna eile gafa chun síl agus feoite, gasanna donn agus tirim, a gcuid duilleoga caillte nó lofa.

I bhfad níos déanaí filleann Tommy ón obair agus feisteas rothaí á chaitheamh aige. Páirceáileann sé a ghluaisrothar cumhachtach taobh le cúldoras an tí. Caitheann an inneall scáth fada ar na clocha dhuirlinge ársa. Buaileann a ghuthán póca agus é ag dul suas na céimeanna cloiche . Freagraíonn sé an guthán agus luíonn sé in aghaidh ursain an dorais agus é ag caint, a chlogad fágtha aige ar an mbarr chéim. Nuair a thagann Toby, an sean labradór dubh ag bogshiúl amach as an teach agus nuair a shuíonn sé ag a chosa, déanann Tommy a chluasa a chuimilt go neamhairdeallach, agus a aire dírithe go huil is go hiomlán ar an gcomhrá atá faoi bhun.

• • • •

Samhlaigh an suíomh cathrach seo. Tá an sráid leathan agus tá siopaí beaga agus suaracha chaon taobh. Síneadh ar thithe réasúnta beag Victeoireacha is ea a bhformhór. Tógadh ar na gáirdíní agus níl fágtha mar chuimhneachán ar a raibh ann uair amháin ach na fuinneoga dhormánta agus na leacóga mhullaigh. Tá siopaí torthaí, éisc agus búistéara i measc caiféanna agus bialanna eitneacha. Tá an siopa péacach, geal lasta ar an gcúinne ag glioscarnach le reoiteoirí cróim agus le cuntair gloine ina gcoimeádtar bianna míne. Tá an cosán fliuch agus an bríce cré-bhrúite suimiúil iontu féin nó mar chúl phictiúr caolchúiseach do phictiúr eile, ag braith ar do thuairim pearsanta. Ansin samhlaigh tírdhreach tionsclaíochta, meascán de shadhlanna, díonta, piolóin, píopaí, simnéithe agus árthaigh. Gné eile de thimpeallacht den tsaghas sin is ea talamh gan saothrú, bóithre gan teorainn, comharthaí agus monarchana taobh le taobh, gan baint acu ó thaobh amhairc de le hoifigí a bhfuil éadan gloine orthu agus oifigí fáilte dea-chóirithe iontu. Bíonn síor-ghluaiseacht le feiceáil 'sna radharcanna suíomhanna seo, daoine ag obair, trácht, gaoth ag séideadh, uisce ag sní go síoraí gan teorainn agus an síor-thimthriall fás agus feo éigríochta gan deireadh. Beidh inspioráid ar fáil ag ealaíontóir ó shuíomh ar bith, tírdhreach, radharc cathrach nó radharc mara, ina mbraitear beocht.

• • • •

Tá fear ina shuí ag ríomhaire atá ar dheasc i seomra liath. Tá culaith úr iarnáilte liath á chaitheamh aige; tá riocanna ina aghaidh, é liath le tuirse. Tá dath liath dhorcha ar an gcairpéad; tá scáth báistí liath agus cóta bréidín liath crochta ar sheastán cóta cruach dhomheirgthe. Níl dath ar bith sa seomra gruama seo ach na dathanna a feictear ar scáileán an ríomhaire, a charbhat scéiniúil agus tromán páipéir gloine. Lasmuigh den fhuinneog, feictear sraithradharc liath, d'fhoirgintí agus d'oifigí cruachúinneacha, iad ag síneadh amach feadh an ascaill atá lom ó chrainn. Leanann sé síos go dtí na dugaí, mar a bhfuil tancaer liath amháin ar ancaire i measc crainn tógála agus tithe stórála. Bailiúchán dlúth scamaill boig liath atá sa spéir. Beidh báisteach ann sár i bhfad. Ardaíonn sé an guthán agus diaileann sé uimhir.

• • • •

Lá breá amháin chuir Charissa, a beirt cara Charlotte agus Sophie, a n-athair Ian agus mé féin chun siúil trasna an phortaigh le sliabh Maol Réidh, an dara sliabh is airde i gConnacht, a dhreapadh. Ní raibh scamall sa spéir - bhí brístí gearra ar Ian agus buataisí rubair orthu uile ach mé féin, a bhí gléasta cosúil le 'Action Woman' 'sna héadaí nua dreapadóireachta atá ceannaithe agam d'fhonn sléibhte beagáinín níos deacra a dhreapadh.

Agus dhá uair go leith caite againn ag dreapadh sroichimid droimín lom glanchreimthe an tsléibhe, díreach thíos faoin mbuaic. Tá an Atlantach faoi sholas agus faoi ghrian. Tagann stoirm chloichshneachta gan choinne ó chúl an tsléibhe, clocha sneachta nimhe dár mbualadh, muid thíos ar ár ngogaidí, gan a bheith in ann aon rud a dhéanamh faoi. Ní féidir linn bogadh. Is ionann giorracht stoirme agus fórsa na stoirme de ghnáth, ach ní mar sin atá sé anois. Leanann an bháisteach, é dár ndalladh agus ag líonadh altáin faoi mar a dhéanfadh an sneachta. Buaileann blosc tóirní agus splanc thintrí díreach os ár gcionn. San am céanna.

Tosaíonn Ian agus mé féin ar na soicind idir tóirneach agus splanc tintrí a chomhaireamh i mílte faoi mar a dhéanfaimís fadó. Beirimid greim docht ar na cailíní agus déanaimid iarracht dul síos le fána. Sleamhnaíonn meall mór cré agus slinnte go teagmhasach agus go haerach tharr bráid, cúpla slat uainn.

Tá an sliabh mar a bheadh eas agus muid ag sciorradh síos na toim carraigeacha. Rinneadh tuile shléibhe as srutháin bídeacha. Tá an cuma ar go bhfuil sé beartaithe ag an sliabh taispeántas dá bhuanna eiseacha a chur ar siúl dúinn. Malartaíonn na páistí idir chaoineadh agus scanradh. Déanaim iarracht a chur ina luí orthu go mbeidh siad in ann leas a bhaint as an eachtra seo amach anseo nuair a iarrtar orthu scéal a scríobh ar scoil faoin lá ia spéisiúla a bhí acu i rith na laethannta saoire. “Gach céim a thógaimid is céim níos giorra don bhás í”, a chaoineann Sophie, go díchreidmheach.

Ní féidir linn an tuile a thrasnú. Tá a fórsa, carraigeacha ag réabadh anuas i mullach a chéile, doimhne agus leithead dosháraithe. Ní féidir linn fanacht ar shuaimhneas, mar go bhfuil na cailíní báite agus préachta. Go tobann, feicimid beirt ag teacht inár dtreo. Níor bhuail mé le haon duine riamh agus mé ag dreapadh an tsléibhe seo riamh cheana. Tugann siad seacláid dúinn agus ní shásódh dada iad ach go mbainfimís triall as an tuile a thrasnú le chéile. Is beag ná go leagtar é féin, Paul, sa tuile donn, ach, duine ar dhuine, go domhain san uisce agus dar n-ionsaí ag an sruth, éiríonn linn trasnú. Sroichimid an baile mar a mbíonn tae agus tine móna ós ár gcomhair. Deir na comharsana go bhfuil breis is fiche cúig bliana ann ó bhí an aimsir ar an sliabh chomh callánach sin.

Dhá lá níos déanaí, thug Merci, Charissa agus mé féin aghaidh ar an gceann tíre, mo mhála droma téite ag an mbeart atá clúdaithe le scragall stán. Tá uibheagán mall chócaráilte sa bheart, é donnaithe agus oiniúin, prátaí plúracha, basal agus síobhais glasfhéarach cócaráilte ann. Má bhíonn an lámh in uachtar ag an aimsir orainn ar uair seo, beidh ár mboilg lán ar a laghad.

Nuair a sroichimid cuainín tréigthe tugann Merci dúshlán dúinn: “Téigh ag snámh nó ní bheidh cead bia agaibh.” Léimimid isteach ‘sna tonnta Atlantacha, ag súil go mbeidh teocht éigin le fáil sa bhfuacht domhain. Tosaíonn sé ag cur báistí, ach suímid marsin féin, gan lagú misnigh, ar na carraigeacha agus osclaímid ár mbeart luachmhar. Ithimid an ciorcal te seo d’uibheagán ina iomláine. Níl ocras níos mó ná an t-ocras a bhíonn ort tar éis snámh san fharraige. Ardaíonn cumhacht na hócáide deasghnátha an bhia agus an cuimhne a bhíonn agat ar a bhfuil ite agat.

(ó alt le Tamasin Day-Lewis/The Spectator)

• • • •

Tá Alan ag péinteáil i bhfothrach sean-mainistreach, timplithe ag ballaí cloiche, cuid acu deisithe, cuid eile ag titim as a chéile, iad ceangailte dá chéile le heidhneán. Tá a thacas leagtha aige faoi chrann troim atá faoi bhláth, agus a d’fhás i measc na ballaí cloiche seo atá titithe as a chéile. Tá radharc ar an tuaith mhéith frámaithe tríd áirse ghotach ón ionad caothúil scáthach seo - coillte darach i bhfad uaidh, tréada caorach agus tréada bó, droichead cloiche le háirsí chruinne a thrasnaíonn an abhainn dhonn mhear agus luachair ard is crainn sailí ag fás ar a bruach. Tá radharc aige freisin ar an gclabhstra, an snoíodóireacht atá air i riocht nach mór foirfe d’ainneoin an aois mhór atá acu. Tá coilm coille ag piocadh sa chlabhstra féarach, nó ag eiteallach go hard os cionn cinn Alan go dtí a neadacha i scoilteanna agus ar leaca atá as radharc ‘sna túir arda agus sa chloigtheach tostach. Tá Alan ag péinteáil leis go tapaidh agus go muiníneach, tugann sé faoi deara scáthanna a chaitheann na ballaí i spásanna dúnta timplithe, agus na paistí beaga spéire is féidir leis a fheiscint tríd na ballaí briste, fuinneoga scoilte bhídeacha agus fuinneoga bhioraithe níos greanta. Taobh leis tá bailiúchán míshlachtmhar de tiúbanna péinte, péint brúite amach, pailéad de dhathanna measctha, ceirt clúdaithe le dathanna, sceana phailéid agus scuabanna, agus leabhar sceitsí oscailte. Ní chuireann rud ar bith isteach air san áit seo, atá líon lán de shíochán ársa, ar feadh i bhfad. Stopann sé den obair ag meán lae agus itheann sé a lón - tae as flaigín, ceapairí as beart clúdaithe le scragall stáin roctha, brioscaí, piorra agus tortha cíbhí. Siúlann sé thart ar an mainistir ina dhiaidh sin. Tá seabhac ar foluain os cionn na páirce luachra atá idir an abhainn agus an fothrach.

Tá foireann seandálaithe ag tochailt an tsuímh go fíorchúramach. Ceintiméadar ar cheintiméadar glanann siad bruascar na mblianta atá os cionn samhail shnoite an aba deirneach a bhí sa mhainistir seo. Tá aghaidh shuaimhneach, mítéar agus cuid d’inscríbhinn, á nochtadh ó bhun sé chéad bliain de dhuilleoga lofa.

Bíonn sé deacair ar Alan a aird a dhíriú ar a chuid oibre nuair a fhilleann sé ar a thacas. Tá slua mór tuarasóirí tagtha. Glacann siad grianghrafanna agus fís scannáin, bíonn siad ag caint agus ag pointeáil; stopann roinnt acu agus féachann siad ar phictiúr Alan.

**THALL**

• • • •

Tá uibheagán á réiteach ag Angela. Tá uibheacha bhána agus dhonna i gciseán a úsáidtear de ghnáth le haghaidh aráin, agus tá roinnt uibheacha eile i gcartán uibhe taobh leis an gciseán. Briseann Angela na huibheacha isteach i mbabhla gléigeal gloine. Tá an cuntar oibre clúdaithe le blaoscanna fholamha bhriste óna bhfuil scáthanna beaga á theilgeann. Tonnaíonn solas na gréine an fhuinneog isteach agus soilsíonn sé na gealacháin agus na buíocáin uibhe. Tá oinniúin earraigh agus cúpla ionga gairleoige ar chlár gearrtha adhmaid. Tá crúiscín leath lán bainne, piobarán agus babhla le ciúbanna siúcra taobh le trí mhuga, gach ceann acu ar thomhas agus ar mhaisiú difriúil. Ardaíonn Angela an greadtóir ubh agus tosaíonn sé ar na huibheacha a bhualadh. Tá punt ime, leath úsáidte ina luí ina chlúdach scragall stáin roctha taobh le próca ina bhfuil spúnóga adhmaid agus uirlisí cistine eile.

Tá an bord leagtha. Tá cuma néata air i gcomparáid leis an gcuntar oibre. Tá bláthfhleasc ar an mbord ina bhfuil trí shaghas duilleog agus cúpla bláth mór geal. Tá gloiní fíona agus leathbhuidéal fíona ar thráidire. Tá anann, mealbhacán, úlla glasa agus dearga, fíonchaora agus bananaí donn breac cóirithe i mbabhla. Tá naipcín fillte i gcruth dealbhach ag gach áit leagtha ag an mbord. Tá pictiúir teibí ar an mballa; ceann dárbh ainm “Tá an Oíche ag Teacht”; ceann eile a mheascann limistéir statach le limistéir ina gcuirtear gluaiseacht in iúl. Tá uigeacht láidir le brath in áiteanna sa dá phictiúr agus feictear codarsnacht marsin eadartha seo agus na limistéir míne ‘sna pictiúir.

• • • •

‘Amhrán Aonghusa’

Chuaigh mé amach go coill na gcrann coill
Mar go raibh tine ar lasadh i mo cheann,
Bhaineas agus bhearras slat choill,
Chuireas caor faoi dhuáin ar shnáithín,
Nuair a bhí leamhain bána ag eitilt,
Agus na réalta ag gliscearnach,
Scaoileas an chaor síos san uisce,
Agus rugas ar bhreac geal.

Agus é leagtha ar an talamh agam,
Chuaigh mé leis an tine fhadú,
Ach chualas rud éigin siosarnach faoin talamh,
Agus ghlaoigh duine éigin m’ainm,
Cailín gheal lasrach a bhí le feiceáil agam,
Bláthanna ón gcrann úll ina cuid gruaige,
Ghlaoigh sí amach m’ainm agus rith sí,
Chuaigh sí as radharc tríd an aeir a bhí ag gealadh.

Nuair atáim tuirseach den spaisteoireacht
Trí thaillte folamha agus trí thaillte cnocach,
Gheobhaidh mé amach cá bhfuil sí imithe,
Pógfaifh mé a beola agus béarfaidh mé ar a lámha,
Siúlfaimid i measc féarach breac,
Is go deireadh ama bainfimid,
Úlla airgid na gealaí,
agus úlla óir na gréine.

(W.B. Yeats)

• • • •

Agus uair a chloig caite ag Jason ag tiomáint ar an mótarbhealach nua feiceann sé stáisiún peitril i bhfad uaidh, a chomharthaí lasta go geal, tamhnach dhatha i ndorchadas oíche gheimhridh. Tá cnaipí agus rialaitheoirí pludchlár a chairr ar lasadh go solasmhar. Stopann sé i réamhchúirt an gharáiste. Caithfidh Jason fanacht mar go bhfuil lorraí ollmhór, veain agus carr spóirt nua lonrach ag na caidéil peitril. Tá an áit gnóthach, le carranna agus daoine ag teacht agus ag imeacht. Taobh lena charr tá feithicil thiomána cheithre roth. Tá leanbh ina chodladh go sámh i gcathaoir linbh sa suíochán deiridh in aice lena dheirfiúr mór. Tá a máthair ina suí ag an roth stiúrtha, ag socrú a smeidiú go deaslámhach le cabhair ón scáthán cúlradhairc. Cíorann sí a cuid gruaige fhada dhubh. Tagann a fear céile amach as an siopa le dhá mhála stríocach plaisteach. A thúisce is a bhíonn sé istigh sa jíp tugann sé líorachán oighir ildaite don chailín bheag. Osclaíonn sé barra seacláide dorcha dá bhean agus dó féin. Lonraíonn soilse na réamhchúirte i scragall stán airgid an chlúdaigh de réir mar a thiománann siad amach arís ar an mótorbhealach.

• • • •